**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000036/2021**
**ar an gCoimisiún**
Riail 136
**Sabine Verheyen**
thar ceann an Choiste um Chultúr agus um Oideachas

Ábhar: Maoiniú ó AE sa todhchaí ar an líonra raidió Euranet Plus

Le 15 bliana anuas, rannchuidigh an lionra raidió uile-Eorpach, Euranet Plus, go rathúil, trína bhallraíocht éagsúil de 13 chraoltóir raidió poiblí agus príobháideach atá bunaithe i 13 Bhallstát, leis an mbearna faisnéise atá idir AE agus a shaoránaigh a dhúnadh tríd an tuiscint ar réimsí uile cheapadh beartais AE a neartú agus trí dhíospóireacht ina thaobh sin a chur chun cinn.

1. An aithníonn an Coimisiún nádúr uathúil Euranet Plus, líonra raidió uile-Eorpach a bhfuil seirbhísí dinimiciúla eagarthóireachta agus gníomhaireacht dá chuid féin aige a dhéanann comhléirithe a phleanáil, malartuithe a chur chun cinn agus a tháirgeann fíor-fhormáidí saincheaptha dá bhaill, rud a fhágann nach féidir é a chur i gcomparáid le haon chraoltóir raidió aonair maidir lena mhisean, lena eagrúchán agus lena mhodh oibriúcháin?

2. An ndearbhaíonn an Coimisiún go bhfuil sé ar intinn aige scor de thacaíocht deontais dhíreach a chur ar fáil do Euranet Plus an 31 Nollaig 2021, agus é go hiomlán ar an eolas faoi na hiarmhairtí dosheachanta a bheidh i ndán don líonra, a ndéanfar a lároifig, atá lonnaithe sa Bhruiséil, a dhúnadh go mear agus a fhoireann a chur ar iomarcaíocht go luath in 2022, mura bhfaighidh sé cistiú a thuilleadh ó AE?

3. An féidir leis an gCoimisiún a mhíniú, ina thuairim, cén fáth nach gcomhlíonann Euranet Plus na ceanglais d’Airteagal 195 den Rialachán Airgeadais a thuilleadh, rud a rinne sé in 2017 agus in 2019, lena ndéantar, dá bhrí sin, é a dhícháiliú inniu ó nós imeachta maoinithe dúnta, in ainneoin na n-infheistíochtaí suntasacha atá déanta ag an eagraíocht le blianta beaga anuas as ar tháinig, inter alia, freagracht eagarthóireachta feabhsaithe agus lenar neartaíodh go hiarbhír na saintréithe sonracha a thugann bonn cirt le heisceacht i leith na rialach ginearálta um dhámhachtain deontas ar bhonn glao ar thograí?

4. An féidir leis an gCoimisiún a mhíniú cad iad na socruithe a mbeadh gá lena gcur i gcrích, ó thaobh dlí agus buiséid de araon, chun comhaontú deontais díreach dhá bhliain a chur ar fáil do Euranet Plus, trí bhíthin beart idirthréimhseach, don tréimhse 2022-2023?

Curtha síos: 27.5.2021

Spriocdháta i gcomhair freagra: 28.8.2021